



## Preasráiteas

Lucsamburg, 20 Meán Fómhair 2022

# Tony Murphy tofa mar Uachtarán ar Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Ag cruinniú a bhí ag Comhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa inniu, thogh siad Tony Murphy mar Uachtarán ar an gCúirt ar feadh téarma trí bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan go ceann trí bliana eile.

Rachaidh Tony Murphy (Éireannach) i mbun cúraimí ina phost nua an 1 Deireadh Fómhair 2022, mar an 12<sup>ú</sup> Uachtarán ar an institiúid. Tá sé ag teacht i gcomharbas ar Klaus-Heiner Lehne, atá ina Uachtarán ó Dheireadh Fómhair 2016.

Más maith leat CV iomlán Tony Murphy a léamh, tá sé le fáil [anseo](#).

Toghann Comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí an tUachtarán as a measc féin le fónamh mar 'shaoi i measc na sua' go ceann tréimhse in-athnuaithe trí bliana. Is ar an Uachtarán atá an cúram i dtaobh na nithe seo a leanas: straitéis chorparáideach, pleanáil agus bainistiú feidhmíochta na hinstiúide; cumarsáid agus an caidreamh leis na meáin; gnóthaí dlíthiúla agus an iniúchóireacht inmheánach; agus ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid sa chaidreamh seachtrach.

### Faisnéis chúlra

Is í an Chúirt Iniúchóirí iniúchóir seachtrach neamhspleách an Aontais Eorpaigh. Is gné ríthábhachtach de shlabhra cuntasachta an Aontais Eorpaigh iad tuarascálacha agus tuairimí na Cúirte. Úsáidtear iad chun iad siúd atá freagrach as cur chun feidhme bheartais agus chláir an Aontais a choimeád cuntasach: an Coimisiún, institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais, agus rialtais na mBallstát. Tugann an Chúirt rabhadh i dtaobh rioscaí, soláthraíonn sí dearbhú iniúchóireachta, tarraingíonn sí aird ar easnamh agus dea-chleachtais, agus tugann sí treoraíocht do lucht déanta beartais agus reachtóirí ó thaobh feabhas a chur ar bhainistiú bheartais agus chláir an Aontais.

### Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Vincent Bourgeois: [vincent.bourgeois@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeois@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 553 547

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu)